Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022
(OR. en)

5171/1/22
REV 1

LIMITE

EF 5
ECOFIN 25
ENV 17
SUSTDEV 5

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 22/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa<br>'Maoiniú inbhuanaithe: Gníomhaíocht níos comhsheasmhaí ón Aontas ag teastáil chun maoiniú a atreorú i dtreo infheistíocht inbhuanaithe' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta

22/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, a ullmhaíodh ag an gCoiste um Sheirbhísí Airgeadais agus a comhaontaíodh ag an gCoiste Eacnamaíoch agus

Airgeadais an 10 Eanáir 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 22/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**'Maoiniú inbhuanaithe: Gníomhaíocht níos comhsheasmhaí ón Aontas ag teastáil chun maoiniú a atreorú i dtreo infheistíocht inbhuanaithe'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta 22/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) 'Airgeadas inbhuanaithe: Gníomhaíocht níos comhsheasmhaí ón Aontas ag teastáil chun maoiniú a atreorú i dtreo infheistíocht inbhuanaithe'[1];

2. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Deireadh Fómhair 2021[2], ina n-iarrann an Chomhairle Eorpach 'go dtabharfaí freagairt uaillmhianach dhomhanda ar an athrú aeráide', 'meabhraítear [di] gealltanas an Aontais agus a Bhallstát leanúint dá maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a uas-scálú' agus 'iarrann sí go mbeadh creat bithéagsúlachta domhanda uaillmhianach ann don tréimhse tar éis 2020 d'fhonn stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus chun an chailliúint sin a aisiompú';

3. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí is déanaí uaithi maidir leis an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide[3] agus, go háirithe, go leagann sí béim ar chur chun feidhme práinneach uaillmhianach Chomhaontú Pháras agus a thábhachtaí atá sé dul chun cinn mear uaillmhianach a dhéanamh i dtreo spriocanna fadtéarmacha an Chomhaontaithe sin a bhaint amach;

---

[1] 12110/21
[2] EUCO 17/21
[3] 12203/21

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go n-áirítear leis sin sreabha maoiniúcháin – idir phoiblí agus phríobháideach, intíre agus idirnáisiúnta – atá comhchuí le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le forbairt aeráid-díonach, lena dtugtar tacaíocht do chuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe araon agus d'fhonn Comhaontú Pháras agus spriocanna maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a shaothrú, go háirithe trí bhearta lena ndírítear ar Aontas na Margaí Caipitil (CMU) a dhoimhniú;

5. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur tionscnaimh a thacaíonn lena chéile iad maoiniú inbhuanaithe agus Aontas na Margaí Caipitil; AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach dul chun cinn a dhéanamh maidir le hAontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú chun cur go gníomhach le forbairt an mhaoinithe inbhuanaithe, ionas gur féidir leis an acmhainneacht agus an tionchar is mó is féidir a bhaint amach, agus go rachaidh sé chun tairbhe do ghníomhaíocht fhoriomlán mhargadh caipitil na hEorpa;

6. Ina theannta sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá feabhas suntasach a chur ar an slógadh maoinithe phríobháidigh chun cabhrú le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh agus na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe atá aige a bhaint amach mar aon le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid na Tríú Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú don Fhorbairt, mar chuid lárnach de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus, ina theannta sin, Comhaontú Pháras a chur chun feidhme mar aon leis an ról tábhachtach giarála a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeartas poiblí, lena n-áirítear airgeadas poiblí, agus ag treochláir earnála i ndáil leis sin;

7. CUIREANN SÍ I dTREIS thairis sin, den mheon céanna agus leis an uaillmhian níos leithne fás inbhuanaithe a chothú, a thábhachtaí atá sé Plean Gníomhaíochta 2018 maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a chur chun feidhme go hiomlán agus tuilleadh a bhaint amach leis an uaillmhian sin, lena léirítear go háirithe *Strategy for Financing the Transition to a Sustainable Economy* [Straitéis chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú], a thíolaic an Coimisiún i mí Iúil 2021[4], lena n-áirítear maidir lena chuspóirí a chomhlíonadh, go háirithe iad siúd a bhaineann le haistriú cóir agus cuimsitheacht; MEABHRAÍTEAR DI, i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú glas inbhuanaithe do FBManna agus d'fhiontraithe;

---

[4] Mar a ghlac an Coimisiún Eorpach an 6 Iúil 2021 (*Strategy for financing the transition to a sustainable economy* | *European Commission* (europa.eu) [Straitéis chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú | An Coimisiún Eorpach])

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chomhsheasmhacht, ar shimplíocht agus ar thrédhearcacht chreat reachtach mhaoiniú inbhuanaithe an Aontais; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhsheasmhacht agus iomaíochas idirnáisiúnta a chur chun cinn agus athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar chomhsheasmhacht an chreata reachtaigh sin i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe atá seanbhunaithe;

9. MEASANN SÍ go bhfuil an Straitéis ar cheann de na huirlisí éagsúla beartais phoiblí atá leabaithe i gcreat níos leithne an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, mar aon le hionstraimí buiséadacha agus bearta fioscacha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus praghsáil carbóin leordhóthanach laistigh den Aontas agus ar fud an domhain;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an creat beartais don mhaoiniú inbhuanaithe ceaptha chun oibriú i gcomhar le creataí beartais eile amhail an pacáiste 'Oiriúnach do 55' agus maoiniú poiblí, agus gur dlúthchuid den bheartas seirbhísí airgeadais é an maoiniú inbhuanaithe; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gurb é príomhchuspóir an chreata maoinithe inbhuanaithe sreabha airgeadais príobháideacha a threorú i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ábhartha ós rud é go bhfuil an scála infheistíochta is gá le haghaidh aistriú inbhuanaithe i bhfad níos mó ná acmhainn na hearnála poiblí;

11. I bhfianaise an méid thuas, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é is aidhm don Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a mheas an bhfuil an ghníomhaíocht cheart á déanamh ag an gCoimisiún chun maoiniú príobháideach agus poiblí a atreorú i dtreo infheistíocht inbhuanaithe. Cé go n-aithnítear gur dhírigh an Coimisiún a chuid gníomhaíochtaí ar thrédhearcacht sa mhargadh a mhéadú, cinneann an Tuarascáil Speisialta go bhfuil gá le gníomhaíocht níos comhsheasmhaí ón Aontas chun an sprioc thuasluaite a bhaint amach, agus leagtar amach ann sé mholadh a bhreithnítear thíos;

12. Maidir le bearta Phlean Gníomhaíochta 2018 a thabhairt i gcrích agus socruithe comhlíonta agus iniúchóireachta a shoiléiriú, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus na moltaí a leagtar síos sa Tuarascáil Speisialta, eadhon go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Gnéithe atá fós gan réiteach a thabhairt i gcrích, go háirithe maidir le Tacsanomaíocht an Aontais, agus tabhairt faoi ghníomhaíocht leantach maidir le rialachas corparáideach;
- Socruithe a shoiléiriú chun ailíniú infheistíochtaí bunúsacha táirgí airgeadais leis an Tacsanomaíocht a fhíorú;
- Ról na n-iniúchóirí agus na maoirseoirí a shoiléiriú i bhfíoruithe gaolmhar;

13. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé i gceist le Tacsanomaíocht an Aontais feidhm lárnach ríthábhachtach a chomhlíonadh in ollstruchtúr mhaoiniú inbhuanaithe an Aontais agus taca a chur faoi ról ceannaireachta domhanda an Aontais maidir leis an aeráid agus maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn;

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin gurb é is aidhm don chéim reatha d'imscaradh Tacsanomaíocht an Aontais, mar a chuirtear chun feidhme í trí Ghníomh Tarmligthe Aeráide Tacsanamaíochta an Aontais a ghlac an Coimisiún an 4 Meitheamh 2021[5], tacú le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint agus infheistíochtaí sna gníomhaíochtaí sin a éascú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí aistrithe agus cumasúcháin, a chuireann go mór leis na spriocanna cainníochtúla i gComhaontú Pháras agus leis an ailíniú sin a fhíorú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún roghanna a mheas chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí aistrithe ar bhealach cóir cuimsitheach, agus leanúint dá bhreithnithe chun cuspóirí inbhuanaitheachta eile a chur san áireamh, mar a fhoráiltear sa chlásal athbhreithnithe den Rialachán Tacsanomaíochta;

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (C/2021/2800 final - ní thiocfaidh sé i bhfeidhm go dtí go bhfoilseofar san Iris Oifigiúil é, má dhéantar agus nuair a dhéantar amhlaidh)

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE tionscnamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh maidir le cearta an duine agus dícheall cuí comhshaoil agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart a riachtanaí agus a iomchuí atá sé rialachas corparáideach a rialáil a thuilleadh a léiriú le bunúis fhianaise-bhunaithe agus le measúnuithe tionchair, agus aird chuí á tabhairt ar na dálaí éagsúla dlí agus eacnamaíocha ar fud na mBallstát;

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún freisin na socruithe leis na Ballstáit a shoiléiriú a thuilleadh ar dá réir a dhéanfaidh a n-údaráis inniúla maoirseacht ar aon nochtadh inbhuanaitheachta a dhéanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, de réir mar is gá, chun a ndícheall a dhéanamh cóineasú maoirseachta a bhaint amach trí chur i bhfeidhm comhsheasmhach reachtaíocht an Aontais a áirithiú; agus MOLANN SÍ go ndéanfaí dul chun cinn i dtreo formheas reachtach ar na socruithe atá beartaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach a iniúchadh;

17. Maidir le <u>rannchuidiú níos fearr le maoiniú inbhuanaithe trí phraghsáil a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa</u>, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus an moladh gaolmhara a leagtar síos sa Tuarascáil Speisialta, eadhon go sainaithneodh an Coimisiún bearta breise arb é is aidhm dóibh a áirithiú go léireofar ar bhealach níos fearr costas comhshaoil astaíochtaí gás ceaptha teasa lena bpraghsáil;

18. ADMHAÍONN SÍ go gcinneann an Tuarascáil Speisialta nach mbeidh gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun maoiniú príobháideach a atreorú i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe éifeachtach mura ndéanfar fo-éifeachtaí diúltacha comhshaoil agus sóisialta a inmheánú laistigh de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha;

19. MEASANN SÍ go gcaithfidh beartas an mhargaidh airgeadais raon leathan na n-ionstraimí beartais um an athrú aeráide agus um aistriú glas a chomhlánú, lena n-áirítear i dtéarmaí *i.a.* rioscaí praghsála, costais gníomhaíochtaí neamh-inbhuanaithe agus próifíl riosca agus luaíochta na n-infheistíochtaí inbhuanaithe, agus gur gá, dá bhrí sin, tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le bearta beartais airgeadais agus neamhairgeadais araon;

20. Dá réir sin TUGANN SÍ DÁ hAIRE obair an Choimisiúin chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá sé léargas iomlánaíoch a choimeád ar na hionstraimí go léir atá beartaithe agus ar na hionstraimí atá ann cheana a d'fhéadfaí a úsáid chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha, an nasc le hionstraimí breise mar a leagtar amach sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus an gá atá le faireachán a dhéanamh ar a dtionchar comhcheangailte, lena n-áirítear ar leibhéal na mBallstát aonair;

21. Maidir le <u>tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí InvestEU a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol</u>, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus na moltaí gaolmhara a leagtar síos sa Tuarascáil Speisialta, eadhon go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- A nochtadh cé mhéad a rianaítear maoiniú InvestEU, agus úsáid á baint as Tacsanomaíocht an Aontais;
- Tuairisc a thabhairt ar thorthaí na n-oibríochtaí maoiniúcháin ábhartha atá curtha i gcrích, ar torthaí iad a bhaineann leis an aeráid;

22. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh sé nach í an Tacsanomaíocht an t-aon uirlis chun faireachán a dhéanamh ar iarrachtaí aistrithe agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair a dhéanamh i dtreo córas tuairiscithe InvestEU maidir le tuairisciú aeráide agus inbhuanaitheachta i gcomhréir le moltaí ábhartha ó CIE agus i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile in imscaradh chiste InvestEU, go háirithe Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus bainc náisiúnta forbartha/tionscnaimh;

23. Maidir le <u>píblíne tionscadal inbhuanaithe a ghiniúint</u>, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus na moltaí gaolmhara a leagtar síos sa Tuarascáil Speisialta, eadhon go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tosaíocht a thabhairt don tacaíocht chomhairleach do na réimsí agus do na hearnálacha a bhfuil ardriachtanais infheistíochta inbhuanaithe acu ach a bhfuil cumas íseal acu na tionscadail is gá a ghiniúint;
- Maidir le Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a thabhairt cothrom le dáta, cabhrú leis na Ballstáit iomláine agus comhsheasmhacht na faisnéise maidir le riachtanais infheistíochta a fheabhsú;

24. MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach, lena n-áirítear i bhfianaise na gconclúidí thuasluaite ón gComhairle Eorpach, go ndéanfaí gach iarracht chun na riachtanais infheistíochta is gá a shainaithint agus a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr ar fud an Aontais; dá réir sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh oibre a dhéanamh leis na Ballstáit, i gcomhthéacs a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme freisin, chomh maith leis na geallsealbhóirí ábhartha uile lena n-áirítear maidir le cistí InvestEU a imscaradh; i ndáil leis sin, IARRANN SÍ go dtabharfar i gcrích go pras an comhaontú idir an Coimisiún agus Grúpa BEI, mar a phríomh-chomhpháirtí cur chun feidhme, maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha sonracha le haghaidh chur chun feidhme chiste InvestEU;

25. Maidir leis <u>an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus critéir Thacsanomaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud bhuiséad an Aontais</u>, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus na moltaí gaolmhara a leagtar síos sa Tuarascáil Speisialta, eadhon go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm ar fud bhuiséad an Aontais;
- an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a áireamh sa togra le haghaidh Rialachán Airgeadais athbhreithnithe;
- critéir Thacsanomaíocht an Aontais a chomhtháthú go hiomlán i modheolaíocht an Aontais chun an aeráid a rianú de réir mar a bheidh siad ar fáil agus tráth a mbeidh siad ar fáil;
- an tuairisciú reatha maidir leis an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais le gníomhú ar son na haeráide a chomhlánú trí chaiteachas an Aontais a bhaineann leis an aeráid agus a bhaineann le comhéifeacht 100 % a nochtadh, bunaithe ar chritéir Thacsanomaíocht an Aontais;

26. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, chun an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm ar fud bhuiséad an Aontais, is gá ar dtús cur chuige comhleanúnach agus comhchuibhithe iomchuí a fhorbairt chuige sin, agus, *inter alia*, gur cheart modheolaíocht éifeachtach a chur ar bun maidir le caiteachas ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart, dá bhrí sin, a áirithiú leis an gcur chuige sin go n-urramófar an prionsabal gan costais riaracháin a mhéadú go suntasach; CUIREANN SÍ IN I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcur chuige sin ar leibhéal na mBallstát aonair a mheas go cúramach sula bhféadfaí an prionsabal sin a chur chun feidhme i mbeartas buiséadach an Aontais;

27. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur seoladh ionstraimí agus cláir bhuiséadacha ábhartha an Aontais in éagmais Tacsanomaíocht an Aontais seanbhunaithe;

28. Mar sin féin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí a thuiscint go bhfuil caighdeáin dhúbailte ann i gcás cómhaoiniú poiblí agus príobháideach, mar thoradh ar chur i bhfeidhm leanúnach comhéifeachtaí nó caighdeán rianaithe tionchair eile nach bhfuil i gcomhréir le Tacsanomaíocht an Aontais;

29. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil Tacsanomaíocht an Aontais ceaptha le húsáid ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais nó ag eisitheoirí ar bhonn deonach, gan dochar do chorparáidí a chumhdaítear leis an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, chun trédhearcacht agus tuairisciú a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin feidhmiú an Mhargaidh Aonair a fheabhsú;

30. Mar sin féin, AITHNÍONN SÍ gur féidir i gcónaí, i gcás inarb ábhartha agus a mhéid is féidir, bunaithe ar mheasúnú cúramach cás ar chás, feabhas a chur ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach an phrionsabail 'gan dochar a dhéanamh' faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' atá mar bhonn le Tacsanomaíocht an Aontais, lena ndírítear ar na leibhéil is airde den inbhuanaitheacht chomhshaoil agus, de réir mar is ábhartha, den inbhuanaitheacht shóisialta agus seasaimh éagsúla agus riachtanais infheistíochta poiblí na mBallstát á gcur san áireamh, lena n-áirítear, más féidir, trí Phleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta;

31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí feabhas a chur de réir a chéile ar ailíniú na dtáscairí ábhartha le Tacsanomaíocht an Aontais, ag féachaint go cuí do shainiúlachtaí agus do chastacht na n-ionstraimí agus na gclár sin, agus an bhféadfaí feabhas a chur ar an modheolaíocht agus ar an tuairisciú maidir le tionchar na n-oibríochtaí maoiniúcháin ar an aeráid;

32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún freisin a Theachtaireacht maidir leis an gcreat feidhmíochta do bhuiséad an Aontais faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027[6] a nuashonrú in am trátha;

33. Maidir le faireachán a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe agus ar an Straitéis chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú agus iad a thuairisciú, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na torthaí agus na moltaí gaolmhara a leagtar síos sa Tuarascáil Speisialta, eadhon go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- comhtháscairí feidhmíochta a chruthú;
- tuairisc a thabhairt ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus na Straitéise chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú;

34. IS DÍOL SÁSAIMH DI na moltaí sin ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh dá réir sin;

35. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, go háirithe maidir le himscaradh InvestEU, an measúnú breise agus cur chun feidhme féideartha na moltaí thuasluaite ó CIE agus na breithnithe agus na conclúidí gaolmhara ón gComhairle a thabhairt ar aghaidh, agus tuairisc rialta a thabhairt don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn, ag tosú sa chéad ráithe de 2022.

---

[6] 9665/21